An Roinn Oideachais
Department of Education

# Meastóireacht ar chomhlíonadh na gcritéar teangabhunaithe d'aitheantas mar scoil Ghaeltachta

# Tuairisc

**TUAIRISC**

| | |
|---|---|
| Ainm na scoile/School name | Scoil Náisiúnta Briocáin |
| Seoladh na scoile/School address | An Gort Mór<br>Ros Muc<br>Contae na Gaillimhe |
| Uimhir rolla/Roll number | 17463L |
| Dáta na cigireachta/<br>Date of evaluation | 09-12-2022 |

# 1. An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

Eascraíonn an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta as an *bPolasaí ar Oideachas Gaeltachta 2017-2022* (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016), atá bunaithe ar *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* (Rialtas na hÉireann, 2010). Seoladh an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (ar a dtugtar an Scéim ina dhiaidh seo) i mí Aibreáin 2017 chun deis a thabhairt do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna atá suite i limistéir pleanála teanga Gaeltachta aitheantas mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach trí chritéir theangabhunaithe a chomhlíonadh.

Tugadh cuireadh do gach bunscoil agus iar-bhunscoil atá suite i limistéar pleanála teanga Gaeltachta cur isteach ar an Scéim. Faigheann na scoileanna sa Scéim acmhainní breise, lena n-áirítear forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) thiomnaithe, chun tacú leo oibriú i dtreo aitheantas a fháil mar scoileanna Gaeltachta.

Sa scoilbhliain 2022-2023, thosaigh Cigireacht na Roinne Oideachais ag tabhairt cuairteanna meastóireachta ar gach scoil sa Scéim chun dul chun cinn na scoileanna a mheas maidir le comhlíonadh na gcritéar teangabhunaithe. D'fhoilsigh an Roinn Oideachais *Nóta Treorach do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta: An próiseas deimhnithe um aitheantas a ghnóthú mar scoil Ghaeltachta* i mí an Mheithimh 2022. Tá an *Nóta Treorach*, ina leagtar amach na socruithe do na cuairteanna meastóireachta, ar fáil anseo.

Bunaithe ar fhianaise na meastóireachta, tugann an cigire/na cigirí moladh don Roinn Oideachais maidir le cibé ar chóir nó nár chóir aitheantas mar scoil Ghaeltachta a bhronnadh ar an scoil.
Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn; ní bhfuarthas freagra ón mbord.

# 2. Na gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu le linn na cuairte meastóireachta seo

Rinneadh na gníomhaíochtaí seo a leanas le linn na cuairte meastóireachta:

- seiceálacha maidir le polasaithe agus cleachtais na scoile maidir le cumhdach leanaí agus dul i ngleic le bulaíocht
- léargas ó ionadaí/ionadaithe d'fhoireann ceannaireachta/bainistíochta na scoile ar dhul chun cinn na scoile i gcomhlíonadh na gcritéar teangabhunaithe
- breathnú ar phlean gníomhaíochta feabhsúcháin na scoile
- cruinniú le hionadaithe tuismitheoirí na ndaltaí
- cuairteanna ar shuíomhanna foghlama
- éisteacht le tuairimí na ndaltaí maidir le húsáid na Gaeilge i bpobal na scoile
- aiseolas ó bhéal do lucht bainistíochta agus ceannaireachta na scoile

## 3. Gníomhaíochtaí na scoile chun leanaí a chumhdach agus chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi

| Le linn chuairt na cigireachta, rinneadh na seiceálacha seo a leanas maidir le nósanna imeachta um chosaint leanaí agus gnásanna frithbhulaíochta: | |
|---|---|
| ***Cosaint Leanaí*** | ***Frithbhulaíocht*** |
| 1. Tá ainm an DIA agus an Ráiteas um Chumhdach Leanaí ar taispeáint go feiceálach gar do phríomhdhoras na scoile.<br>2. Tá an Ráiteas um Chumhdach Leanaí faofa ag an mbord agus tá athbhreithniú bliantúil agus measúnú riosca mar chuid den ráiteas.<br>3. Thuairiscigh gach múinteoir ar tugadh cuairt orthu go bhfuil an Ráiteas um Chumhdach Leanaí léite acu agus go dtuigeann siad a bhfreagrachtaí mar dhaoine atá faoi shainordú. | 1. Tá polasaí frithbhulaíochta forbartha ag an scoil a shásaíonn na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile (2013)*, agus athbhreithnítear an polasaí seo go bliantúil.<br>2. Tá taifead i miontuairiscí an bhoird bainistíochta go gcuireann an príomhoide tuairisc ar fáil don bhord ar a laghad uair sa téarma ar líon iomlán na gcásanna bulaíochta a tuairiscíodh (tríd an teimpléad taifeadta bulaíochta atá ar fáil sna *Gnásanna*) ó cuireadh an tuairisc roimhe sin ar fáil don bhord.<br>3. Tá polasaí frithbhulaíochta na scoile foilsithe ar a láithreán gréasáin agus/nó tá fáil go héasca air do bhaill an bhoird bainistíochta, do mhúinteoirí, do thuismitheoirí agus do dhaltaí. |

Chomhlíon an scoil na riachtanais maidir leis na seiceálacha uile ar chosaint leanaí. Níor sásaíodh an riachtanais maidir le seiceáil 2 de na seiceálacha frithbhulaíochta. Ina dhiaidh sin, áfach, chuir an scoil fianaise ar fáil maidir le comhlíonadh an riachtanais seo.

## 4. Comhthéacs na scoile

Is bunscoil chomhoideachasúil í Scoil Náisiúnta Bhriocáin, An Gort Mór, Ros Muc, Contae na Gaillimhe. Tá an scoil faoi phátrúnacht Easpag Caitliceach na Gaillimhe. Tá sí suite i limistéar pleanála teanga Chonamara Láir. Ag am na meastóireachta bhí dalta is fiche rollaithe sa scoil. Bhí beirt mhúinteoirí ranga, an príomhoide san áireamh, ag obair sa scoil. D'oibrigh múinteoir oideachais speisialta sa scoil go páirtaimseartha, chomh maith le múinteoir tacaíochta sa Ghaeilge. Bhí cúntóir teanga ag obair sa scoil freisin faoi Scéim na gCúntóirí Teanga, atá á mhaoiniú ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Spóirt agus Meán.

## 5. Meastóireacht ar chomhlíonadh na gcritear teangabhunaithe

Bhain an cigire úsáid as *Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta: Táscairí Dea-Chleachtais don Tumoideachas* (2020) chun meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na scoile i gcomhlíonadh na gcritéar teangabhunaithe d'aitheantas mar scoil Ghaeltachta. Tugann an tábla thíos achoimre ar mheastóireacht na gcigirí ar dhul chun cinn na scoile i gcomhlíonadh na gcritéar teangabhunaithe d'aitheantas mar scoil Ghaeltachta.

| | | |
|---|---|---|
| 1 | Clár lántumtha dhá bhliain trí Ghaeilge a chur i bhfeidhm i ranganna na naíonán, tráth nach múinfear Béarla ar bith lena linn | Á chomhlíonadh |
| 2 | Cur chuige lántumtha a chur i bhfeidhm ina múinfear gach réimse foghlama, seachas an Béarla, trí Ghaeilge | Á chomhlíonadh |
| 3 | Eispéiris oideachais ardchaighdeáin trí Ghaeilge a sholáthar do na daltaí uile agus aird ar leith a dhíriú ar riachtanais teanga | Á chomhlíonadh |

| | | |
|---|---|---|
| | idirdhealaithe na gcainteoirí dúchais Gaeilge chomh maith le foghlaimeoirí Gaeilge | |
| 4 | Plean gníomhaíochta feabhsúcháin scoile uile a fhorbairt:<br><br>a) a léireoidh an chaoi ina gcinnteoidh an scoil úsáid na Gaeilge mar theanga na cumarsáide, an teagaisc agus an tsóisialaithe laistigh den scoil agus<br>b) a dhéanfaidh na buntáistí a bhaineann le foghlaim na Gaeilge agus foghlaim trí Ghaeilge a chur in iúl agus a chur chun cinn i measc phobal na scoile (príomhoide, foireann, daltaí, tuismitheoirí agus bord bainistíochta) | Á chomhlíonadh |
| 5 | Athbhreithniú ar cháilíocht an tsoláthair oideachais trí Ghaeilge chun feabhsúchán leanúnach a chinntiú tríd an bpróiseas féinmheastóireachta scoile (FMS) | Á chomhlíonadh |
| 6 | Eispéiris foghlama Ghaeilge a sholáthar a thagann leis na torthaí foghlama T1 i *gCuraclam Teanga na Bunscoile* do scoileanna Gaeltachta agus scoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge | Á chomhlíonadh |
| 7 | Acmhainní Gaeilge a úsáid chun tacú le teagasc na réimsí curaclaim uile trí Ghaeilge sna ranganna uile, seachas curaclam an Bhéarla | Á chomhlíonadh |
| 8 | Gníomhaíochtaí curaclaim, gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim (más ann dóibh) a sholáthar trí Ghaeilge | Á chomhlíonadh |
| 9 | Tacú lena bpobal scoile sa phróiseas pleanála teanga (faoi Acht na Gaeltachta, 2012) trí chuidiú le húsáid agus cothú na Gaeilge sa scoil agus sa phobal áitiúil Gaeltachta | Á chomhlíonadh |
| 10 | Tús áite d'úsáid na Gaeilge sa chumarsáid le tuismitheoirí, leis an bpobal áitiúil agus le páirtithe eile | Á chomhlíonadh |
| 11 | Naisc theanga agus chultúrtha atá úsáideach agus chun tairbhe an dá thaobh a bhunú leis na suíomhanna luathoideachais áitiúla a fheidhmíonn trí Ghaeilge (*naíonraí*) | Á chomhlíonadh |
| 12 | Naisc theanga agus oideachais atá úsáideach agus chun tairbhe an dá thaobh a bhunú le hiar-bhunscoileanna áitiúla a fheidhmíonn trí Ghaeilge agus bunscoileanna eile a fheidhmíonn trí Ghaeilge | Á chomhlíonadh |
| 13 | Gach iarracht foireann teagaisc agus foireann choimhdeach a earcú atá líofa sa Ghaeilge, agus a bhfuil eolas agus tuiscint acu ar an gcleachtas oideolaíoch a bhaineann le teagasc trí Ghaeilge chomh maith le tuiscint ar dhinimic teanga agus cultúrtha na Gaeltachta. | Á chomhlíonadh |

## 6. Ráiteas achomair an chigire

Bhí an scoil seo ag comhlíonadh na gcritéar uile. Bhí an luaththumoideachas curtha i bhfeidhm ag an scoil ó thús na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. Faraor, ní raibh naíonán cláraithe sa scoil sa dá bhliain roimh na meastóireachta. Bhí gach ábhar, seachas Béarla, á múineadh trí Ghaeilge i ngach seomra ranga sa scoil. Bhí ardchaighdeán Gaeilge ag na daltaí uile agus bhí an chuid ba mhó díobh an-sásta labhairt fúthu féin, faoin a gcaithimh aimsire agus faoin obair a rinne siad ar scoil.

Bhí cairde pinn ag na daltaí i mbunscoil Ghaeltachta i gCorca Dhuibhne, Contae Chiarraí, rud a chothaigh spéis sa teanga agus sna canúintí éagsúla idir an dá scoil. Ghlac an scoil páirt go tairbhiúil i raon tionscnaimh fiúntacha. Bhí na físeáin a rinne na daltaí le moladh go speisialta.

Leag an múinteoir tacaíochta don Ghaeilge agus an cúntóir teanga an-bhéim ar shaibhreas teanga na ndaltaí a mhéadú. Cuireadh ranganna Gaeilge ar fáil freisin do theaghlaigh ar bheagán Gaeilge, rud a chabhraigh go mór le heiteas na scoile a chothú. Rinne an fhoireann teagaisc éacht leis an obair a rinne siad ar na *Táscairí Dea-Chleachtaís* a scrúdú agus a chur i bhfeidhm. Dhírigh siad ar gach táscaire go sonrach. Mar chuid de seo, choinnigh an scoil taifead cuimsitheach ar ghnóthachtáil agus dul chun cinn gach dalta. Chuidigh an phleanáil gníomhaíochta mar pháirt de Chomhionanas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS) leis seo freisin.

Bhí ionchur an Choiste Pleanála Teanga áitiúil an-suntasach, go háirithe an tacaíocht a fuarthas ón Oifigeach Pleanála Teanga. Bhí club óige, *Óige Bhriocáin,* ar siúl, maoinithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Rinneadh naisc láidre leis an naíonra áitiúil agus leis an iarbhunscoil in aice láimhe. Roinneadh eolas, mar shampla nuachtlitreacha, agus d'fhreastail na daltaí ar cheolchoirmeacha agus drámaí sna suíomhanna éagsúla. Rinne an scoil iarracht naíonra a bhunú níos gaire don scoil, ach ní raibh na pleananna sin curtha i gcrích ag am na meastóireachta.

## 7. Moltaí don scoil

Ní raibh moladh le déanamh.

## 8. Moladh don Roinn Oideachais

Moltar go mbronnfaí aitheantas mar scoil Ghaeltachta ar an scoil seo. Beidh ar an scoil iarratas a chur chuig an Roinn Oideachais chun an t-aitheantas seo a athnuachan tar éis tréimhse cúig bliana.